02 Lúnasa 2019

Cinneadh a eisíodh maidir le hiarratas ar Fhorbairt Straitéiseach Tithíochta le haghaidh forbairt cónaithe ag Aonad 21, Ascaill a hAon, Eastát Tionscail Bhaile an Chócaigh, Baile Átha Cliath 24.

Uimhir thagartha an cháis: ABP-303911-19

Dhiúltaigh an Bord Pleanála cead do 150 árasán 'Tóg lena Ligean' agus 22 aonad comhchónaithe.

Cuireadh an t-iarratas faoi bhráid an Bhoird Pleanála ar an 12 Márta 2019 agus cinneadh é ar an 19 Meitheamh 2019. San áireamh sa phróiseas iarratais bhí tréimhse comhairliúcháin phoiblí agus comhairliúchán réamhiarratais a rinneadh i gcomhar leis an mBord Pleanála agus leis an údarás áitiúil lena mbaineann.

Tá na príomhdhoiciméid a bhaineann le cinneadh an Bhoird (Tuairisc an Chigire, Ordú an Bhoird, Treoir an Bhoird) ar fáil mar seo a leanas:

- Leathanach cáis ABP-303911-19

Gheofar treoir mhionsonraithe maidir le forbairtí straitéisteacha tithíochta d'iarratasóirí, d'údaráis áitiúla agus don phobal i gcoitinne ag www.pleanala.ie. Gheofar faisnéis bhreise ag bord@pleanala.ie.

Féadfaidh duine ar bith ceist a chur faoina bhailí atá cinneadh de chuid an Bhoird i bhfoirm iarratas ar athbhreithniú breithiúnach, faoi Ordú 84 de Rialacha na Cúirte Uachtaraí (I.R. Uimh. 15 de 1986), de réir alt 50 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (leasaithe). Gheofar eolas praiticiúil ar mhodh an athbhreithnithe faoin gceannteideal Eolas ar Chásanna -- Athbhreithniú Breithiúnach ar shuíomh gréasáin an Bhoird www.pleanala.ie nó ar shuíomh gréasáin na Seirbhíse Eolais do Shaoránaigh www.citizensinformation.ie